

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13704/26

POLCOM 349

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 506 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála agus Slándála Eacnamaíche an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 506 final.

Faoi iamh: COM(2026) 506 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 506 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála agus Slándála
Eacnamaíche an Aontais**

CLÁR

I.	RÉAMHRÁ.....	2
II.	AN LEAS IS FEARR IS FÉIDIR A BHAINN AS COMHAONTUITHE UM THRÁDÁIL FHABHRACH AN AONTAIS.....	4
II.1	TRÁDÁIL AN AONTAIS LE COMHPHÁIRTITHE FABHRACHA IN 2025.....	4
II.2	COMHAONTUITHE TRÁDÁLA AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR CHUN CINN	11
II.3	FÓCAS AR THRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE	12
III.	CABHRÚ LE FBMANNA A N-ÁIT A AIMSÍÚ SA TRÁDÁIL DHOMHANDA	14
IV.	AGHAIDH A THABHAIRT AR BHACAINNÍ AGUS RÉITIGH A AIMSÍÚ	15
IV.1	NUASHONRÚ MAIDIR LE BACAINNÍ AR ROCHTAIN AR AN MARGADH.....	16
IV.2	NUASHONRÚ AR AN BPOINTE IONTRÁLA AONAIR LE HAGHAIDH GEARÁN .	20
V.	RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ DÉTHAOBHACH AGUS ILTAOBHACH.....	21

I. Réamhrá

Is í seo an séú **tuarascáil bhliantúil**¹ chomhdhlúite maidir le **cur chun feidhme agus forfheidhmiú bheartas trádála agus slándála eacnamaíche an Aontais**. Tugtar an t-eolas is déanaí inti maidir le héabhlóid na sreafaí trádála idir an tAontas agus a chomhpháirtithe fabhracha le haghaidh earraí agus seirbhísí agus tugtar forléargas ann ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhéachtaí an Aontais arna stiúradh ag Príomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála an Choimisiúin Eorpaigh in 2025².

Dírítear sa tuarascáil seo ar ghealltanais idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gcomhaontuithe um thrádáil fhabhrach an Aontais agus in EDT. Cuireann an Coimisiún tuarascálacha ar leithligh ar fáil maidir le réimsí a bhaineann le trádáil agus slándáil eacnamaíoch, go háirithe scagadh infheistíochtaí dhíreacha coigríche agus rialú onnmhairiúcháin/dé-úsáid. I measc na réimsí eile a bhaineann le trádáil a chumhdaítear le tuarascálacha tiomnaithe ón gCoimisiún tá Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP), cearta maoine intleachtúla agus an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta.

Leanann tairbhí nithiúla de bheith mar thoradh ar **cur chun feidhme agus forfheidhmiú gealltanais trádála idirnáisiúnta** faoi EDT agus faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha, lena n-éascaítear rochtain ar mhargaí onnmhairiúcháin, lena neartaítear athléimneacht gheilleagar na hEorpa, lena gcuirtear dlús leis an éagsúlú agus lena laghdaítear spleáchais.

Ar an gcéad dul síos, bhí gnólachtaí Eorpacha in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a cruthaíodh le líonra mór an Aontais de 44 chomhaontú um thrádáil fhabhrach. Leanann **fás láidir ar onnmhairí** de bheith mar thoradh ar a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú éifeachtach mar a léirítear sna samplaí seo a leanas.

- Tugtar le fios sa **mheastóireacht *ex post***³ ar an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir **an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA)**, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2025, go n-oibríonn trádáil intuatha chomhoibríoch. Ó cuireadh CETA i bhfeidhm go sealadach den chéad uair in 2017, tá borradh tagtha faoi onnmhairí trádála agus faoi shlabhraí soláthair éagsúlaithe ar fud Bhallstáit uile an Aontais agus tá méadú EUR 3,2 billiún in aghaidh na bliana tagtha ar olltáirgeacht intíre an Aontais. I measc na dtairbhí díreacha tá méadú 71 % ar thrádáil dhéthaobhach earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus Ceanada (ó EUR 72,2 billiún in 2016 go

¹ Ar leathanach gréasáin an Choimisiúin maidir le [Comhaontuithe Trádála an Aontais a Chur Chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú](#), tá faisnéis fhorlíontach a ghabhann leis an tuarascáil seo maidir leis an méid seo a leanas: (i) éabhlóid thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha in 2025; (ii) fabhair tharaife a úsáid ar onnmhairí agus allmhairí an Aontais ó chomhpháirtithe trádála fabhracha, i gcás an Aontais agus i gcás na mBallstát araon; agus (iii) sonraí maidir le húsáid cuótaí rátaí taraife faoi chomhaontuithe trádála áirithe.

² Is féidir teacht ar eolas faoi chomhaontuithe trádála aonair an Aontais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin maidir le [comhaontuithe trádála an Aontais](#), a nascann le leathanaigh tíre aonair, a sholáthraíonn bileoga eolais, treoracha agus scéalta ratha, agus nasc chuig na tuarascálacha tar éis cruinnithe comhchoistí agus idirphlé.

³ https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations_ga.

EUR 123 bhiliún in 2023), méadú 64 % ar onnmhairí earraí an Aontais agus méadú 81 % ar onnmhairí seirbhísí an Aontais go Ceanada.

- Léirigh **an Comhaontú Trádála Eatramhach idir an tAontas agus an tSile**, atá i bhfeidhm ó bhí mí Feabhra 2025 ann, fás láidir le linn na chéad 11 mhí dá chur chun feidhme ar fiú EUR 20,8 billiún san iomlán é. Tháinig méadú 9,1 % ar lastais innealra agus fearas an Aontais, agus tháinig méadú 8,5 % ar onnmhairí táirgí ceimiceacha.
- Tháinig méadú 14 % ar onnmhairí earraí an Aontais chuig **an tSeapáin** idir 2018 (an bhliain sular tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i bhfeidhm) agus 2025. Tháinig méadú 57 % ar onnmhairí seirbhísí an Aontais.

Ar an dara dul síos, lean comhaontuithe trádála agus comhpháirtíochtaí an Aontais de thacaíocht a thabhairt d'**athléimneacht an tslabhra soláthair** trí chuidiú leis an Aontas ionchuir chriticiúla a dhaingniú, amhail fuinneamh agus amhábhair, agus **a róspleáchas ar fhoinsí aonair soláthair a laghdú**.

Tá ról suntasach fós ag comhaontuithe trádála an Aontais maidir le tacú le **foinse chobhsaí allmhairí amhábhair agus leis na táirgí fuinnimh** is gá do gheilleagar an Aontais, mar a léirítear sna samplaí seo a leanas.

- Tá méadú mór tagtha ar allmhairí amhábhair agus táirgí fuinnimh ó **Cheanada** ó bhí 2022 ann, agus lean an treocht sin ar aghaidh in 2025, agus tháinig níos mó ná ceathrú d'allmhairí táirgí mianracha an Aontais ó Ceanada. Tháinig méadú 14 % ar allmhairí ó **Cheanada** (i dtéarmaí luacha) idir 2024 agus 2025, ag leanúint den treocht a tugadh faoi deara ó bhí 2022 ann, ag sroicheadh EUR 6,1 billiún.
- Ó tháinig an Comhaontú Trádála Eatramhach idir **an tAontas agus an tSile** i bhfeidhm i mí Feabhra 2025, tá méadú 33 % tagtha ar allmhairí táirgí mianracha an Aontais.
- Soláthraíonn comhpháirtithe fabhracha ceathrú d'allmhairí amhábhair criticiúil (AÁC) an Aontais. Cé gur fhan allmhairí iomlána amhábhair criticiúil an Aontais⁴ i dtéarmaí luacha réasúnta cobhsaí in 2025 i gcomparáid le 2024 le méadú beag 0,32 %, tháinig méadú mór ar allmhairí ó roinnt comhpháirtithe trádála a tháirgeann acmhainní amhail **Ceanada** agus **Poblacht Dhaonlathach an Chongó**. Dá bhrí sin, tháinig méadú 62 % ar allmhairí amhábhair criticiúil an Aontais ó Ceanada i dtéarmaí luacha go EUR 3,3 billiún. Le haghaidh na tréimhse tagartha céanna, tháinig méadú 79 % i dtéarmaí luacha ar allmhairí amhábhair criticiúil an Aontais ó **Phoblacht Dhaonlathach an Chongó** go EUR 2,9 billiún.

⁴ Sonraí maidir le hamhábhair chriticiúla agus straitéiseacha mar a shainmhínítear sa Ghníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla.

Is gnách le comhpháirtíochtaí trádála neamhfhabhracha allmhairí AÁC a éascú freisin, amhail an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche agus an Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an Chasacstáin. Mar shampla, tháinig méadú 32 % ar allmhairí amhábhair an Aontais ón **gCasacstáin**⁵ i dtéarmaí luacha in 2025 i gcomparáid le 2024, agus shroich siad EUR 1,18 billiún.

Tá líonra mór comhaontuithe trádála an Aontais tar éis a **láithreacht gheopholaitiúil** a neartú freisin i dtimpeallacht idirnáisiúnta atá ag dul in olcas go tapa.

- Mar shampla, rinneadh an titim EUR 54,5 billiún ar onnmhairí earraí ón Aontas chuig an Rúis in 2025 (i gcomparáid le meán 2019-2021) a fhritháireamh le **méadú os cionn EUR 250 billiún ar onnmhairí an Aontais chuig comhpháirtithe an Aontais i gcomhaontuithe saorthrádála (CST)** an bhliain sin.
- Rinneadh an titim EUR 8 mbilliún ar onnmhairí **feithiclí agus páirteanna feithiclí** chuig an Rúis in 2025 (i gcomparáid le meán 2019-2021) a fhritháireamh le honnmhairí níos airde ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe ar fiú EUR 9,7 billiún iad ina n-aonar. Agus rinneadh an laghdú EUR 7 mbilliún ar onnmhairí **innealra leictreach** chuig an Rúis a fhritháireamh le honnmhairí níos airde (EUR 9 mbilliún) chuig raon comhpháirtithe trádála, lena n-áirítear an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe, Meicsiceo agus an Iorua.

Sa bhreis ar rochtain ar an margadh, lean comhaontuithe trádála an Aontais de ról tábhachtach a bheith acu maidir leis **an trádáil agus an fhorbairt inbhuanaithe a neartú in 2025**.

- Rinne **an tSeapáin, an tSile agus Angóla**, i measc tíortha eile, bearta chun coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a dhaingniú.
- Dhún an Coimisiún a réamh-mheasúnú ar dhá ghearán sheachtracha maidir le **Vítneam** i dtaca le saincheisteanna saothair agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann le cearta an duine. Fuair sé gearán nua freisin faoi sháruithe líomhnaithe ar ghealltanais trádála agus forbartha inbhuanaithe ag **Eacuadór** agus a chéad ghearán maidir le GSP, a bhaineann leis **an bPacastáin**.

II. An leas is fearr is féidir a bhaint as comhaontuithe um thrádáil fhabhrach an Aontais


II.1 Trádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha in 2025

⁵Tá Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas agus an Chasacstáin i bhfeidhm ó bhí 2016 ann agus i bhfeidhm ó 2020. In 2022, thug na páirtithe comhpháirtíocht straitéiseach maidir le hamhábhair i gcrích: [Caidreamh trádála an Aontais leis an gCasacstáin](#).

Ag deireadh 2025, bhí 44 chomhaontú um thrádáil fhabhrach i bhfeidhm ag an Aontas le 76 chomhpháirtí, a raibh 46,3 % de thrádáil sheachtrach iomlán an Aontais i gceist leo. B'ionann thrádáil iomlán an Aontais le comhpháirtithe fabhracha agus EUR 2 390 billiún, a raibh onnmhairí i gceist le EUR 1 340 billiún de sin agus a raibh allmhairí i gceist le EUR 1 050 billiún de. Tháinig méadú ar chomhardú trádála an Aontais le comhpháirtithe fabhracha ó EUR 276 bhilliún in 2024 go EUR 289 mbilliún in 2025.

In 2025 agus sa chéad ráithe de 2026, tugadh comhaontuithe trádála i gcrích le Mercosur⁶, Meicsiceo, an Indinéis, an India agus an Astráil freisin, tar éis dianchaibidlíocht leis na comhpháirtithe sin. I dteannta a chéile, méadóidh siad sciar thrádáil fhabhrach an Aontais go 53,3 %, mar a léirítear i bhFíor 1.

Fíor 1: Trádáil sheachtrach an Aontais (2025)




Foinse: Ríomhanna AS um an Trádáil bunaithe ar shonraí Eurostat Comment

Mar a léirítear i bhFíor 2, ba iad na comhpháirtithe fabhracha is mó ag an Aontas fós iad an Ríocht Aontaithe (21,1 % de thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha), agus ina dhiaidh sin an Eilvéis (15,2 %), an Tuirc (9,1 %), an Iorua (6,7 %) agus an tSeapáin (5,4 %). In éineacht le chéile, is leis na cúig chomhpháirtí sin a bhain beagnach 60 % de thrádáil fhabhrach an Aontais in 2025.

⁶ Tá an comhaontú trádála idir an tAontas agus Mercosur á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Bealtaine 2026 ann.

Fíor 2: Trádáil an Aontais ag comhpháirtí fabhrach (2025)




Foinse: Ríomhanna AS um an Trádáil bunaithe ar shonraí Eurostat Comext

Mar a léirítear i bhFíor 3, lean trádáil bhliantúil an Aontais in earraí den sárú ar thrádáil an Aontais le comhpháirtithe uile le chéile agus le foghrúpa de chomhpháirtithe neamh-CST.

Tháinig méadú 3,1 % ar thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha idir 2024 agus 2025, níos mó ná an trádáil leis na comhpháirtithe uile agus na comhpháirtithe neamh-CST, ar tháinig méadú 2,1 % agus 1,4 % orthu faoi seach. Tháinig méadú 3,3 % ar onnmhairí earraí chuig comhpháirtithe fabhracha, agus tháinig méadú níos measartha ar onnmhairí chuig na comhpháirtithe uile le chéile agus chuig an bhfoghrúpa de chomhpháirtithe neamh-CST (méadú 2,0 % agus 0,6 % faoi seach).

Fíor 3: Fás bliantúil ar thrádáil earraí an Aontais de réir an chineáil comhpháirtí (2024-2025)




Foinse: Ríomhanna AS um an Trádáil bunaithe ar shonraí Eurostat Comext

Lean comhaontuithe trádála an Aontais in 2025 de **bhorradh a chur faoi thrádáil agraibhia an Aontais le comhpháirtithe fabhracha**, rud a léirigh fás níos láidre (6,9 %) ná le comhpháirtithe neamh-CST (1,5 %) agus leis na comhpháirtithe trádála uile (4,6 %). B'ionann trádáil agraibhia agus 9 % d'onnmhairí iomlána an Aontais agus 7,5 % d'allmhairí agus chuir sí 37 % de bharrachas trádála foriomlán an Aontais ar fáil.

Mar a léirítear i bhFíor 4, tháinig méadú 4,6 % ar **onnmhairí agraibhia an Aontais chuig comhpháirtithe fabhracha**, tháinig méadú 1,2 % ar onnmhairí an Aontais chuig na comhpháirtithe uile le chéile, agus tháinig laghdú 3,6 % ar onnmhairí an Aontais chuig comhpháirtithe neamh-CST.

Fíor 4: Fás bliantúil ar thrádáil táirgí agraibhia an Aontais de réir an chineáil comhpháirtí (2024-2025)



Foinse: Ríomhanna AS um an Trádáil bunaithe ar shonraí Eurostat Comext

In 2025, dheimhnigh **an Ríocht Aontaithe** a ról mar phríomhcheann scríbe d'onnmhairí agraibhia an Aontais i measc comhpháirtithe fabhracha agus na gcomhpháirtithe uile, le honnmhairí os cionn EUR 55 bhilliún, méadú 3 % i gcomparáid le 2024. Bhí onnmhairí an Aontais chuig an dara ceann scríbe is mó, **an Eilvéis**, thart ar EUR 13 bhilliún in 2025, méadú 7,5 %. Ba í **an tSeapáin** an tríú ceann scríbe ba mhó i measc comhpháirtithe fabhracha, agus onnmhairí agraibhia an Aontais os cionn EUR 8 mbilliún.

Thacaigh comhaontuithe trádála an Aontais, amhail CETA idir **an tAontas agus Ceanada**, go láidir le fás onnmhairí i dtáirgí agraibhia ó cuireadh i bhfeidhm iad. De réir na meastóireachta *ex post* a tugadh i gcrích in 2025⁷, tá méadú mór tagtha ar onnmhairí i roinnt earnálacha agraibhia.

- Mar shampla, tháinig méadú 39 % ar an meán ar onnmhairí fíona an Aontais go Ceanada sa tréimhse tar éis chur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe (2018-2025), i gcomparáid leis an tréimhse chomhfhreagrach roimh an gcomhaontú (2010-2017).
- Tháinig méadú 46 % ar onnmhairí ola olóige úríona, agus tháinig méadú faoi dhó nach mór ar onnmhairí cáise, méadú 96 %.

Léirigh allmhairí táirgí agraibhia an Aontais ó chomhpháirtithe fabhracha fás níos láidre (10,2 %) freisin i gcomparáid le comhpháirtithe neamhfabhracha (8,2 %).

- Bhí **an Ríocht Aontaithe** fós ar an bhfoinse allmhairí agraibhia fabhracha is mó de chuid an Aontais in 2025, arbh ionann iad agus 8 % (nó EUR 16,0 billiún) d'allmhairí agraibhia iomlána an Aontais, agus **an Úcráin** ina dhiaidh sin (EUR 11 bhilliún).
- Ba é **an Cósta Eabhair** an tríú foinse allmhairí agraibhia is mó isteach san Aontas ó chomhpháirtithe trádála fabhracha, agus b'fhiú EUR 8,9 billiún na hallmhairí sin in 2025. Tháinig méadú 23 % ar luach iomlán na n-allmhairí ón gCósta Eabhair idir 2024 agus 2025, ach tháinig méadú 31 % ar allmhairí agraibhia. Chuir praghsanna cócó níos airde leis an bhfás sin, ach chuidigh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Cósta Eabhair leis an tír a honnmhairí a éagsúlú trí tharaifí ar chócó próiseáilte a íslíú⁸.

Faoi dheireadh 2025, cosnaíodh **tásca geografacha an Aontais** in 35 thír nach tír den Aontas Eorpach iad faoi chomhaontuithe trádála.


- Mar shampla, cuireann **an Comhaontú Trádála Eatramhach idir an tAontas agus an tSile** creat neartaithe ar fáil chun 216 thásc geografacha de chuid an Aontais a chosaint. Tá sé sin sa bhreis ar an gcomhaontú maidir le fionta agus biotáillí atá ann cheana, lena gcosnaítear cheana féin 1 745 thásc geografacha le haghaidh fíona AE agus 257 dtásc geografacha le haghaidh biotáillí agus fíona cumhraithe. Áirithítear leis an gComhaontú Trádála Eatramhach ardleibhéal cosanta do na tásca geografacha faoi chosaint faoi seach agus ceadaítear leis tásca geografacha nua a chur leis amach anseo.

⁷ https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations_ga.

⁸ B'ionann cócó próiseáilte agus 42 % de luach iomlán allmhairí cócó an Aontais ón gCósta Eabhair in 2025.

Shroich **trádáil an Aontais i seirbhísí** le comhpháirtithe fabhracha beagnach EUR 1,4 trilliún in 2024 (na figiúirí is déanaí atá ar fáil), is é sin 47 % de thrádáil iomlán an Aontais i seirbhísí, agus tháinig méadú 5,4 % uirthi in 2024 i gcomparáid le 2023. Mar a léirítear i bhFíor 5, léirigh sé sin fás níos tapúla ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin (5,0 %), ach fás níos moille ná an fás ar thrádáil leis na comhpháirtithe uile agus leis na comhpháirtithe neamh-CST⁹.

Fíor 5: Fás bliantúil ar thrádáil seirbhísí an Aontais de réir an chineáil comhpháirtí (2023-2024)



Foinse: Ríomhanna AS um an Trádáil bunaithe ar thábla Eurostat ‘bop_its6_tot’

Tháinig méadú 21,1 % ar chomhardú trádála iomlán an Aontais in earnáil na seirbhísí, agus shroich sé EUR 193,7 billiún in 2024. B’ionann an barrachas trádála le comhpháirtithe fabhracha agus EUR 184,3 billiún, i gcomparáid le EUR 9,4 billiún do na comhpháirtithe trádála uile le chéile.

Léirítear **luach chomhaontuithe trádála an Aontais le haghaidh trádáil seirbhísí** freisin leis an doimhniú de réir a chéile ar rochtain ar an margadh d’earnálacha seirbhísí, rud a bhí indéanta mar gheall ar chomhaontuithe trádála uailmhianacha, amhail an ceann le **Ceanada**.

- Tá méadú 97 % tagtha ar an trádáil dhéthaobhach trasteorann i seirbhísí idir an tAontas agus **Ceanada** ó cuireadh an comhaontú i bhfeidhm go sealadach in 2017, agus shroich sí EUR 50,8 billiún in 2024, i gcomparáid le EUR 25,6 billiún in 2016.
- I mí na Nollag 2025, tháinig **comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach (CAFP)** i bhfeidhm maidir le **haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla ailtirí**. Cuireann sé ar chumas ailtirí an Aontais ceadúnas ailtire Ceanadach a fháil agus ar chumas ailtirí Ceanadacha ceadúnas a fháil i mBallstát den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir áirithe atá bunaithe ar cháilíochtaí agus ar

⁹Tháinig fás láidir eacnamaíoch in 2024 ar na comhpháirtithe trádála is mó de chuid an Aontais gan CST, amhail na Stáit Aontaithe (an comhpháirtí trádála seirbhísí is mó de chuid an Aontais) agus an tSín (an ceathrú comhpháirtí trádála seirbhísí is mó de chuid an Aontais), agus tháinig fás measartha ar an iomlán ar an Ríocht Aontaithe agus ar an Eilvéis, an dara agus an tríú comhpháirtí trádála is mó de chuid an Aontais, lena n-áirítear trádáil seirbhísí.

thaithí. Tá CAFP mar chuid de CETA idir an tAontas agus Ceanada, arb é is aidhm dó comhar a neartú agus aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla a éascú ar fud an Atlantaigh.

In 2025, bhí **an tAontas fós ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain** maidir le honnmhairí agus allmhairí **seirbhísí atá insoláthartha go digiteach**, arbh é a bhí iontu EUR 1,7 trilliún in 2024, nó 58 % de thrádáil iomlán an Aontais i seirbhísí.

- Áirítear ar na comhaontuithe trádála atá ann cheana a bhfuil **caibidlí trádála digití** ag gabháil leo na comhaontuithe leis an tSeapáin, leis an Ríocht Aontaithe, leis an Nua-Shéalainn agus leis an tSile.
- I mí na Bealtaine 2025, shínigh an tAontas a chéad chomhaontú trádála digití tiomnaithe le tír nach tír den Aontas Eorpach í. Leis an **gcomhaontú trádála digití (CTD)** neamhspleách le **Singapór**¹⁰, tagann borradh faoin trádáil dhigiteach idir an dá réigiún trí shreafaí sonraí trasteorann a éascú agus trí dheimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do ghnólachtaí. An 10 Meitheamh 2026, shínigh an tAontas CTD le Poblacht na Cóiré¹¹. I mí an Mhárta 2026, sheol an tAontas caibidlíocht maidir le CTD idir an tAontas agus Ceanada.
- Comhlánaíonn CTDanna na comhaontuithe saorthrádála faoi seach le rialacha nua-aimseartha ceangailteacha maidir leis an trádáil dhigiteach. Tá sé d'aidhm ag na rialacha sin trédhearcacht agus intuarthacht a mhéadú do ghnólachtaí, timpeallacht shlán ar líne a chur chun cinn do thomhaltóirí, agus gníomhú in aghaidh bacainní trádála digití.

In 2025 freisin, bhí an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme **an Chomhaontaithe lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe (CÉII) idir an tAontas agus Angóla**, lena ndírítear ar thimpeallacht infheistíochta atá níos intuartha agus níos fabhraí do lucht gnó a chruthú. Chun an méid sin a bhaint amach, phléigh an Coiste déthaobhach um Infheistíocht a Éascú i mí Eanáir 2025 céimeanna sonracha chun an rómhaorlathas a laghdú agus trédhearcacht a mhéadú, lena n-áirítear: (i) ionad ilfhreastail digiteach Angóla a nuachóiriú d'infheisteoirí; (ii) liosta ceanglas agus coinníollacha maidir le hinfeistíocht choigríche in Angóla a fhoilsiú ar líne; agus (iii) rochtain saor in aisce a thabhairt ar an leagan ar líne d'Iris Oifigiúil Angóla. Go luath i mí Aibreáin 2026, thug an Coimisiún caibidlíocht i gcrích maidir le CÉII le h**Eacuadór**, an chéad chomhaontú den sórt sin de chuid an Aontais le tír i Meiriceá Laidineach.

I mí na Samhna 2025, shínigh an tAontas a chéad **chomhpháirtíocht um thrádáil agus infheistíocht ghlan (CTIG)** leis an **Afraic Theas**. Tacóidh CTIG le trádáil dhéthaobhach agus le hinfeistíochtaí i slabhraí soláthair glana, rud a chruthóidh deiseanna nua trádála agus infheistíochta, agus a neartóidh rochtain an Aontais ar amhábhair. Tionóladh an chéad

¹⁰ [Comhaontú Trádála Digití idir an tAontas agus Singapór | EUR-Lex](#).

¹¹ Téacs an chomhaontaithe: [Circabc](#).

idirphlé idir-rialtasach an 8 agus an 9 Iúil 2026, ag tógáil ar idirphlé gnólacht le rialtas¹² a bhí ar siúl roimh ré, inar bailíodh tuairimí gnó agus tosaíochtaí maidir le CTIG a chur chun feidhme.

II.2 Comhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn

In 2025, lean an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gnólachtaí, de dhlús a chur leis na hiarrachtaí **comhaontuithe nua a chur chun cinn**.

- Lean an Coimisiún d'**uasghrádú a dhéanamh ar a phríomhardán Access2Markets**¹³, ardán a mheall breis agus 13 mhilliún cuairteoir ó seoladh é in 2020, lena n-áirítear beagnach 3 mhilliún cuairteoir in 2025 amháin. Seoladh suirbhé chun aiseolas ó úsáideoirí a bhailiú, agus chuir an Coimisiún tús leis an obair chun feidhmeanna nua a chur leis, amhail dearadh nua agus físeáin teagaisc. Go dtí seo, tá oiliúint curtha ag an gCoimisiún ar 16 000 páirtí leasmhar chun an t-ardán a úsáid, trí sheimineáir ghréasáin a réachtáiltear i dteangacha éagsúla den chuid is mó.
- In 2025, ghlac foireann shinsearach an Choimisiúin páirt i **Laethanta Rochtana ar an Margadh** a eagraíodh in ocht mBallstát. Thug na himeachtaí sin an deis do níos mó ná 5 000 gnólacht (ar FBManna iad go leor acu) ar fud earnálacha éagsúla dul i dteagmháil go díreach leis an bPríomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála agus le hionadaithe sinsearacha eile de chuid an Choimisiúin.
- Comhlánaíodh for-rochtain sa Bhruiséil agus i bpríomhchathracha an Aontais le hiarrachtaí for-rochtana comhdhlúite ó **Thoscaireachtaí an Aontais** i dtíortha comhpháirtíochta chun comhaontuithe trádála nua le páirtithe leasmhara ar an láthair a chur chun cinn. Dhírigh na gníomhaíochtaí sin ar chuideachtaí an Aontais agus ar allmhaireoirí tháirgí agus sheirbhísí an Aontais a bhfuil treoraíocht speisialaithe de dhíth orthu.
 - Mar shampla, ag an gcéad **Chruinniú Mullaigh Gnó riamh idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn** a tionóladh an 24 Deireadh Fómhair 2025 in Auckland, tugadh le chéile 500 ionadaí gnó agus polaitiúil ón dá thaobh chun cuidiú leo na deiseanna nua a cruthaíodh leis an CST a thapú. Chuir Toscaireacht an Aontais in Wellington an CST chun cinn i seónna talmhaíochta in Hamilton (Meitheamh) agus in Christchurch (Samhain).
 - Chun an Comhaontú Trádála Eatramhach idir **an Aontas agus an tSile** a chur chun cinn, chuir Toscaireacht an Aontais in Santiago feachtas i bhfeidhm 'Europa está a la vuelta' (tá an Eoraip ag druidim linn) agus 'Europa está

¹² Preaseisiúint: *South Africa –European Union Clean Trade and Investment Partnership enters implementation phase with inaugural business-to-government dialogue* | [An Afraic Theas - Comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan ag tús an chéim cur chun feidhme le hidirphlé tionscnaimh gnólacht le rialtas] | SEGS.

¹³ <https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/home>.

cerquITA' (tá an Eoraip gar dúinn), lena n-áirítear clúdach leathan sna meáin shóisialta agus ar líonra raidió na Sile. Bhí sé d'aidhm aige sin an Comhaontú Trádála Eatramhach a thabhairt níos gaire don phobal, rud a léiríonn an chaoi a dtugann sé fíordheis don tSile, dá tomhaltóirí agus dá gnólachtaí.

II.3 Fócas ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe

Tá **ról tábhachtach** ag comhaontuithe trádála an Aontais maidir leis **an thrádáil agus an inbhuanaitheacht a neartú**. Tá forálacha lena gcuirtear caighdeáin idirnáisiúnta saothair agus chomhshaoil chun cinn mar chuid de na 15 chomhaontú a tugadh i gcrích ó bhí 2012 ann (ag tosú leis an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré Theas) agus cuireadh i bhfeidhm iad le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

In 2025, leanadh den obair chun cur chun feidhme éifeachtach na ngealltanais sin a áirithiú, agus rinneadh dul chun cinn le roinnt tíortha comhpháirtíochta.

- Rinne **an tSeapáin, an tSile agus Angóla** bearta chun coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde a dhaingniú.
- Tar éis barúlacha a fháil ó Choiste Saineolaithe EIS um Choinbhinsiún a Chur i bhFeidhm, thosaigh **an tSeapáin** ag imeacht óna Clár um Oiliúint Theicniúil d'Intéirigh i dtreo an chláir um Fhostaíocht d'Fhorbairt Scileanna, agus barúlacha Choiste Saineolaithe EIS maidir le Cur i bhFeidhm na gCoinbhinsiún á gcur san áireamh. Ina theannta sin, thosaigh an tSeapáin ag bogadh i dtreo scéim trádála astaíochtaí éigeantach (CTA GX) dá haistriú glas.
- Rinne **an Mholdóiv** dul chun cinn maith maidir lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide a ghlacadh in 2025. D'fhoilsigh sé a ranníocaíochtaí arna gcinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras agus neartaigh sé a chóras faireacháin, tuairisciúcháin agus fíoraithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa

Is i gcruinnithe rialta de **choistí agus boird chomhpháirteacha um thrádáil agus um forbairt inbhuanaithe** a phléann na páirtithe saincheisteanna trádála agus forbartha inbhuanaithe. In 2025 arís, bhí torthaí nithiúla ann mar gheall ar an rannpháirtíocht dhéthaobhach le tíortha comhpháirtíochta.

- Ghlac Coiste Trádála **an Aontais agus na Nua-Shéalainne** leasú ar an gCaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena léirítear uasghrádú na sábháilteachta agus na sláinte ceirde go stádas 'prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha san obair', i gcomhréir le cinntí arna ndéanamh ag EIS.
- I mí na Samhna 2025, tar éis do Bhord **an Aontais agus Singeapór** um thrádáil agus um forbairt inbhuanaithe gealltanais frithpháirteach a dheimhniú maidir le hiarrachtaí leanúnacha marthanacha a dhéanamh chun coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, rith parlaimint Shingeapór an dara Bille um

Chothroime san Ionad Oibre, ar céim thábhachtach é chun daingniú Choinbhinsiún bunúsach EIS maidir le hidirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (C111) a chur chun cinn. Leagtar amach sa Bhille creat nua d'oibrithe chun sásamh a lorg as idirdhealú san ionad oibre agus tugtar isteach leis coimircí i gcoinne éilimh shuaibhreasacha¹⁴.

- Tar éis theacht i bhfeidhm an **Chomhaontaithe Trádála Eatramhaigh idir an tAontas agus an tSile** an 1 Feabhra 2025, chuir an tAontas agus an tSile tús lena n-athbhreithniú ar na forálacha maidir leis an trádáil agus an fhorbairt inbhuanaithe. Déantar foráil maidir leis an athbhreithniú sin sa Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an Athbhreithniú ar an Trádáil agus an bhForbairt Inbhuanaithe a ghabhann leis an gComhaontú Trádála Eatramhach agus is é is aidhm dó an sásra forfheidhmiúcháin a uasghrádú agus Comhaontú Pháras a áireamh mar 'ghné bhunriachtanach'.

In 2025, lean an Coimisiún dá dhlúthchaidreamh leis an tsochaí sibhialta, lena n-áirítear trí **ghrúpaí comhairleacha baile** lena dtugtar le chéile gnólachtaí, ceardchumann agus páirtithe leasmhara eile. Bunaíodh Grúpaí Comhairleacha Baile faoi 16 chomhaontú trádála de chuid an Aontais¹⁵ chun dul i dteagmháil le hionadaithe na sochaí sibhialta i dtíortha comhpháirtíochta agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le saincheistanna cur chun feidhme.

- In 2025, tháinig an tAontas agus Grúpaí Comhairleacha Baile **Mheiriceá Láir** ar chomhthoil den chéad uair chun ráiteas comhpháirteach a eisiúint chun comhar teicniúil sonrach a mholadh maidir le cúrsaí saothair agus comhshaoil. D'eisigh an tAontas agus gach ceann de cheithre Ghrúpa Comhairleach Baile **na nAindéas** a gcéad dearbhú comhpháirteach d'aon toil riamh, céim eile i gcomhar trasréigiúnach na sochaí sibhialta.
- Mhol Grúpa Comhairleach Baile an Aontais don t**Seapáin** malartuithe a dhoimhniú maidir le conairí loingseoireachta glasa, agus béim á leagan ar a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas agus an t-aistriú cóir fite fuaite ina chéile. Bhain **Grúpa Comhairleach Baile na Seapáine** úsáid as an idirphlé comhpháirteach leis an tsochaí sibhialta chun glacadh le cur chuige an Aontais i leith an aistrithe ghlais atá bunaithe níos mó ar rialáil, rud a thugann le fios gur cheart don tSeapáin dlús a chur lena huaillmhianta freisin.

¹⁴Ritheadh an chéad bhille an 8 Eanáir 2025. Meastar go dtiocfaidh na dlíthe maidir le cothroime san ionad oibre i bhfeidhm faoi dheireadh 2027 chun dóthain ama a thabhairt d'fhostóirí iad a chur chun feidhme go héifeachtach.

¹⁵Staid na himeartha an 1 Iúil 2026: 16 Ghrúpa Comhairleacha Baile (lena n-áirítear Coiste Comhairleach Cariforum).

In 2025, lean an Coimisiún freisin d'imscrúdú a dhéanamh ar **ghearáin maidir le sáruithe líomhainte ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe** agus de dhul chun cinn a dhéanamh ina leith.

- In 2025, **dhún an Coimisiún a réamh-mheasúnú** ar dhá ghearán maidir le **Vítneam**. Léiríodh san anailís go bhfuil ábhair inné fós ann maidir le saincheistean saothair, go háirithe maidir le Coinbhinsiún 87 EIS a dhaingniú. Níor léirigh Vítneam go bhféadfaí glacadh a Dlí leasaithe maidir le Ceardchumann agus na hathruithe ar Bhunreacht Vítneam a léirmhíniú mar chéimeanna i dtreo chomhlíonadh oibleagáid na tíre 'iarrachtaí leanúnacha seasta chun an coinbhinsiún seo de chuid EIS a dhaingniú'. D'iarr an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe bhreise agus soiléirithe breise agus leanann sé den ábhar sin a ardú ar gach leibhéal lena chontrapháirteanna Vítneamacha.
- Fuair an Coimisiún **gearán nua** amháin maidir le **hEacuadór**, inar maíodh nár chomhlíon an tír a hoibleagáidí faoina comhaontú trádála leis an Aontas, amhail maidir le ceardchumann earnála agus saoirse comhlachais a aithint. Cumhdaíonn an cás cúrsaí saothair agus comhshaoil araon agus tá athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair.
- In 2025, fuair an Coimisiún an chéad ghearán maidir le **Córas na bhFabhar Ginearálaithe** (a bhaineann leis an **bPacastáin**), atá á athbhreithniú faoi láthair.

Ar deireadh, chun gealltanais maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a chomhlíonadh a thuilleadh agus chun fíorathrú a dhéanamh ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta, lean an tAontas de **chúnamh teicniúil** a thairiscint dá chomhpháirtithe trádála in 2025.

- Lean an tAontas dá chomhar le EIS chun an clár **Trádáil le haghaidh Obair Chuibhiúil**¹⁶ a chur chun feidhme. Cuireann an clár idirphlé sóisialta chun cinn agus tacaíonn sé le caighdeáin saothair idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr i dtíortha comhpháirtíochta tosaíochta, go háirithe san Afraic agus san Áise.
- In 2025, chuaigh an tAontas i gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) agus leis an earnáil phríobháideach chun an clár **Borradh a chur faoi Tháirgeadh Bia Inbhuanaithe sa Chéinia** a sheoladh. Tá an tionscadal EUR 10 milliún seo, atá maoinithe ag an Aontas, dírithe ar 40 000 feirmeoir beag agus tacaíonn sé le táirgeadh bia atá aeráid-díonach i gcúig chontae in Iarthar na Céinia.

III. Cabhrú le FBManna a n-áit a aimsiú sa trádáil dhomhanda

¹⁶ [Trádáil le haghaidh Obair Chuibhiúil](#).

In 2025, d'úsáid an Coimisiún ionstraimí éagsúla arís chun cabhrú le gnólachtaí an Aontais an leas is fearr is féidir a bhaint as comhaontuithe trádála an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide (FBManna)¹⁷.

Ar an gcéad dul síos, déantar é sin trí **chaibidlí tiomnaithe FBM**¹⁸ i gcomhaontuithe trádála an Aontais le gealltanais shonracha chun rochtain ar an margadh a éascú do chuideachtaí beaga. Tagann pointí teagmhála ar an dá thaobh le chéile go rialta chun saincheistanna a bhaineann le FBManna a mheas ar fud an chomhaontaithe ina iomláine. Mar shampla, tar éis theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe trádála idir **an tAontas agus an Nua-Shéalainn**, tháinig pointí teagmhála FBManna le chéile faoi dhó chun a áirithiú go gcuirfear ábhar sonrach ar fáil ar shuíomhanna gréasáin agus ar ardáin faisnéise a fhreastalaíonn ar FBManna.

Ar an dara dul síos, lean an Coimisiún dá chomhar rathúil seanbhunaithe leis an **Líonra Fiontar Eorpach**¹⁹ (LFE) in 2025. Cuireann an Líonra treoraíocht agus seirbhísí ar fáil do FBManna a bhfuil uailmhianta idirnáisiúnta acu, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis. Déantar é sin le cuidiú óna n-oid bhunaithe i mbreis agus 20 margadh straitéiseach lasmuigh den Aontas, amhail an Bhrasáil, Ceanada, an India, an tSeapáin, Meicsiceo, Singeapór, an Ríocht Aontaithe agus Vítneam.

IV. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus réitigh a aimsiú

In 2025, lean meascán de theannais gheopholaitiúla leanúnacha, luaineachtaí eacnamaíocha agus athruithe ar bheartais trádála de thírdhreach na trádála domhanda a mhúnlú. Ar cheann de na príomhdhúshláin bhí bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh luaineach leis **an tSín** agus leis **na Stáit Aontaithe**, na comhpháirtithe trádála neamhfhabhracha is mó atá ag an Aontas.

Sa chomhaontú trádála idir **an tAontas agus na Stáit Aontaithe** an 27 Iúil 2025 agus sa Ráiteas Comhpháirteach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 21 Lúnasa 2025²⁰, leagadh amach an gealltanas polaitiúil ar an dá thaobh oibriú chun cobhsaíocht agus intuarthacht a athbhunú sa chaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, ar mhaithe le gnólachtaí agus saoránaigh. Tá an tAontas suite de i gcónaí go ndéanann taraifí arda dochar don gheilleagar domhanda. Mar sin féin, cruthaíonn an toradh caibidlithe bonn d'idirphlé leanúnach agus d'fhorbairt an chaidrimh thrasatlantaigh, lena n-áirítear trí tharaifí a ísliú agus trí chomhar a shaothrú i réimsí leasa straitéisigh chomhroinnte. Mar shampla, an 24 Aibreán 2026, i réimse na mianraí criticiúla, shínigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe

¹⁷ Bhí beagnach 682 000 FBM de chuid an Aontais ag onnmhairiú earraí agus seirbhísí in 2023 (na figiúirí is déanaí atá ar fáil).

¹⁸ Comhaontuithe trádála an Aontais atá i bhfeidhm in 2025 ina bhfuil caibidlí maidir le FBManna: Ceanada, an tSeapáin, an Ríocht Aontaithe, an Nua-Shéalainn agus an tSile.

¹⁹ <https://een.ec.europa.eu/>.

²⁰ [Joint Statement on a United States-European Union framework on an agreement on reciprocal, fair and balanced trade - Trade and Economic Security.](#)

Meabhrán Tuisceana²¹ maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le mianraí criticiúla agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Mianraí Criticiúla idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe²². Leanann an tAontas de bheith ag obair leis na Stáit Aontaithe chun teacht ar réitigh, go háirithe i gcás ina bhfuil taraifí os cionn na huasteorann taraife 15 % roimh onnmhairí an Aontais, lena n-áirítear taraifí ar chruach agus alúmanam, ar chopar agus ar a ndíorthaigh, chomh maith le taraifí ar thrucaílí agus comhpháirteanna trucaílí. I ndáil leis an méid sin, tá na Stáit Aontaithe tar éis táirgí áirithe a bhaint den liosta díorthach cruach agus alúmanaim cheana féin, tá laghdú déanta acu ar an gcóireáil taraife le haghaidh táirgí innealra tionsclaíocha, agus tá simpliú déanta acu agus soiléireacht tugtha acu maidir leis an gcaoi a gcuirtear na taraifí i bhfeidhm. Cé gur céim sa treo ceart é sin, leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil leis na Stáit Aontaithe chun a áirithiú gur cheart go mbainfeadh onnmhairí díorthach uile an Aontais tairbhe as an uasteorainn taraife 15 % agus nár cheart iad a bheith faoi réir aon cheanglas riaracháin breise, i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe.

Leis an tSín, rinneadh dul chun cinn maidir le cumas cuideachtaí teicneolaíochta Eorpacha a gcearta maoine intleachtúla a chosaint go héifeachtach (bunphaitinní caighdeán, amhail iad siúd a úsáidtear i gcumarsáid mhóibíleach).

Leanann tíortha agus bloic thrádála ar fud an domhain de dhul i ngleic leis an gcothromaíocht a aimsiú idir tionscail intíre a chosaint agus a chinntiú go bhfuil córas trádála saor agus cothrom i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is príomhthosaíocht i gcónaí é faireachán a dhéanamh ar ghealltanais maidir le rochtain ar an margadh arna nglacadh ag comhpháirtithe trádála an Aontais.

IV.1 Nuashonrú maidir le bacainní ar rochtain ar an margadh

Bacainní nua a bhí cláraithe in 2025²³

Cláraíodh 13 bhacainn nua san iomlán i mBunachar Sonraí an Choimisiúin maidir le Rochtain ar an Margadh in 2025. Bhí 6 bhacainn nua i gceist le bearta maidir le taraifí allmhairiúcháin agus cánacha: Bhain trí cinn acu le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta agus le bacainní teicniúla ar thrádáil, agus bhain beart amháin le srianta ar sholáthar rialtais.

Chláraigh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada an líon is airde bacainní trádála nua (4 agus 2, faoi seach). Chláraigh réigiún na Meánmhara Theas²⁴ 3 bhacainn trádála nua (i gcomparáid le hocht gcinn in 2024). Ina dhiaidh sin, bhí réigiún na hÁise Theas agus Thoir Theas, na hAstráile agus na Nua-Shéalainne, a chláraigh 2 bhacainn nua (i gcomparáid le 6

²¹ [Circabc](#).

²² [Circabc](#).

²³ Féach an liosta ar leathanach cur chun feidhme agus forfheidhmithe na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil: [Comhaontuithe Trádála an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú - an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch](#).

²⁴ Comharsana an Deiscirt, an Meánoirthear, an Tuirc, an Rúis agus an Áise Láir.

bhacainn in 2024). Chláraigh an Cianoirthear, an Afraic agus an tAigéan Ciúin bacainn amháin an ceann.

Bacainní a réitíodh go páirteach nó go hiomlán agus forbairtí dearfacha in 2025²⁵


Rinneadh dul chun cinn maidir le dul i ngleic le bacainní trádála, agus **baineadh 20 bhacainn go hiomlán nó go páirteach i 14 dtír chomhpháirtíochta**. Baineadh é sin amach trí mheascán d'fhor-rochtain taidhleoireachta agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as sásraí institiúideacha faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha agus san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar a léirítear sna samplaí seo a leanas.

- Chuir **an tSeapáin** deireadh le fionraíochtaí ar allmhairí táirgí ainmhithe, tar éis do na tíortha faoi seach a dheimhniú go n-urramaítear coinníollacha sláinte ainmhithe (mar shampla, i gcás mhuiceoil na Sualainne, táirgí mairteola próiseáilte na Polainne agus mairteoil agus táirgí mairteola na Beilge).
- Tar éis a Dhlí maidir le Cógaisíocht an 21 Samhain 2024, d'eisigh **Vítneam** ciorclán nua lena rialaítear clárú drugaí agus comhábhar drugaí. Áiríodh sa chiorclán, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2025, sásra mear údarúcháin lena laghdaítear an tréimhse mheastóireachta ó 4 bliana nó 5 bliana go 9 mí le haghaidh cógais leighis nuálacha atá údaráithe cheana féin ag údaráis rialála dhiana, amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach.
- Tar éis rannpháirtíocht rialta idir an tAontas agus **an Airgintín**, laghdaigh an Airgintín dleachtanna onnmhairiúcháin go buan ar thráchtearraí talmhaíochta móra agus ar a seachtháirgí. Le foraithe nua a glacadh i mí na Nollag 2025, leagtar síos rátaí dleachtrátaí onnmhairiúcháin níos ísle le haghaidh roinnt slabhraí gráin, lena n-áirítear pónairí soighe, cruithneacht agus eorna.

Mar a léirítear i bhFíor 6, bhain formhór na mbacainní a ndeachthas i ngleic leo (45 %) le **hearnáil na talmhaíochta agus an iascaigh**. Ina theannta sin, thug 20 % de na cásanna aghaidh ar shaincheisteanna trasearnála.

Fíor 6: Céatadán na mbacainní a ndeachthas i ngleic leo in aghaidh na hearnála (2025)

²⁵ Féach an liosta ar leathanach cur chun feidhme agus forfheidhmithe na hArd-Stiúrtóireachta um an Trádáil: [Comhaontuithe Trádála an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú - an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch](#).



Rinne an Coimisiún dul chun cinn breise maidir le dul i ngleic le bacainní le linn na tréimhse tuairisciúcháin i ndlúthchomhar le comhairleoirí trádála agus comhlachais tionscail na mBallstát. Tá tionchar dearfach díreach aige sin ar ghnólachtaí Eorpacha sna hearnálacha lena mbaineann, rud a chuidíonn leo costais a laghdú agus rochtain ar an margadh a fheabhsú d’onnmhaireoirí an Aontais agus soláthar ionchur tionsclaíoch tábhachtach a dhaingniú.

Tháinig **forbairtí dearfacha** chun cinn arís in 2025 mar gheall ar rannpháirtíocht leanúnach le tíortha comhpháirtíochta, mar a léirítear thíos.

- D’aithin **Singapór** bearta réigiúnaithe an Aontais maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach, fiabhras Afracach na muc agus an galar crúb agus béil, rud a réitigh an bealach do níos mó onnmhairí agraibhia de chuid an Aontais. Chuir an tír bearta éascaithe trádála i bhfeidhm freisin maidir leis an ‘deimhniú breithe agus tógtha’ agus thug sí formheas tíre don Ghréig agus don Liotuáin le haghaidh cineálacha éagsúla uibheacha agus táirgí feola.
- D’údaraigh **Vítneam** allmhairiú 14 tháirge ainmhithe agus 2 tháirge plandaí ón Aontas, agus shroich 4 tháirge breise an chéim dheireanach den phróiseas formheasa, rud a laghdaigh riaráiste na n-údaruithe maidir le rochtain ar an margadh. Chomh maith le dul chun cinn maidir le comhaid aonair, chomhaontaigh údaráis Vítneam iniúchtaí comhcheangailte a dhéanamh lena gcumhdaítear roinnt Ballstát agus táirgí, céim a chuidíonn le ham agus acmhainní a shábháil.
- Tar éis misean ardleibhéil ón gCoimisiún chuig **an mBrasaíl** i mí Dheireadh Fómhair 2025, d’fhormheas an tír roinnt táirgí plandaí agus 48 dtáirge ainmhithe réamhliostaithe ó 18 mBallstát.

Cláraíodh forbairtí dearfacha freisin maidir le **bearta taobh thiar den teorainn**, amhail bacainní teicniúla ar thrádáil agus bacainní rialála, rud a d'éascaigh rochtain cuideachtaí Eorpacha ar an margadh in earnálacha éagsúla.

- Chinn **an Cholóim**, a bhuí le dianphlé déthaobhach leis an Aontas, aitheantas a thabhairt do dheimhnithe saordhiolacháin an Aontais chun comhlíonadh táirgí le rialacháin theicniúla na Colóime a chruthú. Dá bhrí sin, táirgeoirí fíona an Aontais ar mian leo onnmhairiú chuig an gColóim, ní bheidh sé de cheangal orthu tástáil bhreise a dhéanamh a thuilleadh. Thart ar EUR 33 mhilliún a bhí i gceist le honnmhairí fíona an Aontais chuig an gColóim in 2025, thart ar cheithre huaire níos airde ná mar a bhí in 2013 nuair a tháinig an comhaontú i bhfeidhm den chéad uair.
- A bhuí le hobair an Aontais ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach, **chuir an India deireadh le horduithe rialaithe cáilíochta** ar 115 tháirge de chuid an Aontais a onnmhairítear chuig an India. Rinneadh difear d'onnmhairí an Aontais roimhe sin nó cuireadh stop leo uaireanta²⁶ le rialacháin theicniúla lena dtagraítear do chaighdeáin a bhaineann go sonrach leis an India (d'ainneoin caighdeáin idirnáisiúnta a bheith ann) agus do nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá níos déine ná mar is gá, amhail tástáil éigeantach ag saotharlanna de chuid na hIndia.

In 2025, lean an Coimisiún de dhul i ngleic leis na srianta arna bhforchur ag comhpháirtithe trádála áirithe, go háirithe ar **onnmhairí amhábhhar**, ó thoirmisc onnmhairiúcháin go ceanglais maidir le ceadúnúchán onnmhairiúcháin agus cuótaí. Tá an Coimisiún ag dul i ngleic leis na srianta sin go díreach ar an leibhéal déthaobhach, ag cruinnithe tiomnaithe idir rialtais agus trí bhealaí ábhartha EDT.


- Mar shampla, chuidigh an rannpháirtíocht a bhí ann le déanaí idir an Coimisiún agus rialtas **Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)** le toirmeasc a sheachaint, a tugadh isteach i mí Feabhra 2025, ar onnmhairí na ndíorthach cóbailt uile. Bheadh iarmhairtí diúltacha ag an toirmeasc ar roinnt scaglann de chuid an Aontais a bhraitheann ar na hamhábhair sin. I mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir Poblacht Dhaonlathach an Chongó córas cuótaí in ionad an toirmisc lena gcuirtear uasteorainn le honnmhairí 2026 agus 2027 (in éineacht le cúltaca straitéiseach) chun praghsanna a chobhsú agus luach intíre a mhéadú. Leanann an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid chun a áirithiú nach mbainfear an bonn de leasanna an Aontais.

Mar a léirítear i bhFíor 7, bhain **formhór na mbacainní a baineadh go hiomlán nó go páirteach (9 as 20) le tíortha sa réigiún ina bhfuil an Áise Theas agus an Áise Thoir**

²⁶ Mar shampla, d'onnmhairigh an tAontas EUR 1,4 milliún ar an meán de shnáithíní stáplacha vioscóis chuig an India roimh 2023 nuair a tugadh isteach na horduithe rialaithe cáilíochta; tar éis iad a thabhairt isteach, cuireadh stop go bunúsach le honnmhairí an Aontais.

Theas, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Ina dhiaidh sin, bhí tíortha i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, agus cuireadh deireadh le 4 bhacainn in 2025.

Fíor 7: Céatadán na mbacainní a ndeachthas i ngleic leo in aghaidh an réigiúin (2025)



IV.2 Nuashonrú ar an bPointe Iontrála Aonair le haghaidh gearán

Is ardán láraithe é **Pointe Iontrála Aonair**²⁷ an Choimisiúin do chuideachtaí, comhlachais trádála agus páirtithe leasmhara eile de chuid an Aontais chun bacainní trádála a thuairisciú ar bhealach níos éasca. Féadfar gearáin a chur isteach trí úsáid a bhaint as foirmeacha tiomnaithe ar líne ar ardán Access2Markets.

Ní mór do pháirtithe leasmhara an Aontais na foirmeacha sin a líonadh isteach chun faisnéis leordhóthanach a thabhairt don Choimisiún chun réamh-mheasúnú a dhéanamh agus chun an ghníomhaíocht iomchuí a chinneadh. Féadfaidh an Coimisiún freisin, más gá, gearán a sheoladh ar a thionscnamh féin (*ex officio*).

Sampla praiticiúil: Rialacháin bhia na Malaeisia

An Gearán: An 23 Samhain 2023, fuair an Pointe Iontrála Aonair gearán maidir le leasú a thug **an Mhalaeisia** isteach ar a Rialachán Bia. Sainordaíodh leis an leasú íoschion/uaschion alcóil (de réir toirte) le haghaidh fionta agus biotáillí áirithe, rud a chuir cosc go héifeachtach ar fhionta agus biotáillí áirithe de chuid an Aontais a allmhairiú isteach sa tír.

Gníomhaíocht a glacadh: Tar éis rannpháirtíocht leanúnach an Aontais leis an Malaeisia go déthaobhach agus i gCoiste EDT um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, chomhaontaigh an


²⁷ <https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/content/pointe-iontrala-aonair-0>.

Mhalaeisia a forálacha a choigeartú ina rialachán Bia maidir le cion alcóil i licéir agus i bhfion, chomh maith le nuashonruithe ar leasaithigh, datháin agus gnéithe teicniúla eile. I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Mhalaeisia go hoifigiúil ina hIris Chónaidhme leasuithe lena dtugtar aghaidh ar ábhair inní an Aontais a bhaineann le roinnt caighdeán dí alcólaí (rum, sloe gin agus licéir). Tá leasuithe eile fós gan réiteach, agus tá rannpháirtíocht dhéthaobhach fós ann.

Tionchar: Is féidir le honnmhaireoirí an Aontais tairbhe a bhaint as na rialacha nuashonraithe sin, rud a léiríonn éacht nithiúil maidir le rochtain ar an margadh a fheabhsú.

Mar a léirítear i bhFíor 8, in 2025, fuair an Pointe Iontrála Aonair 40 gearán seachtrach faoi bhacainní trádála in 21 thír chomhpháirtíochta. Bhain an líon is mó (28 %) le Comharsana an Deiscirt, an Meánoirthear, an Tuirc, an Rúis agus an Áise Láir, agus ina dhiaidh sin an Áise Theas agus Thoir Theas, an Astráil agus an Nua-Shéalainn (27 %).

Fíor 8: Gearáin sheachtracha a cuireadh isteach in 2025 de réir réigiúin



Ó seoladh é in 2020, fuair an Pointe Iontrála Aonair 40 gearán seachtrach ar an meán in aghaidh na bliana. In 2025, bhain formhór na ngearán seachtrach le bearta cothrománacha agus seirbhísí cothrománacha (6 ghearán an ceann) agus le hearnáil na talmhaíochta agus an iascaigh (5). Gnólachtaí aonair de chuid an Aontais (18) agus comhlachais trádála (15) a bhí i bhformhór na ngearánach, agus ina dhiaidh sin bhí páirtithe leasmhara eile (4) agus Ballstáit an Aontais (3). Sheol an Coimisiún aon ghearán *ex officio* amháin.

V. Réiteach díospóidí déthaobhach agus iltaobhach

Cé go leantar d'aghaidh a thabhairt ar fhormhór na mbacainní trí rannpháirtíocht dhéthaobhach leis an gcomhpháirtí trádála trí choistí trádála déthaobhacha nó trí choistí EDT is gá fós, i gcásanna áirithe, bogadh chuig nósanna imeachta foirmiúla um réiteach díospóidí a thionscnamh, faoi chomhaontú déthaobhach nó in EDT.

Tá **réiteach díospóidí** fós ina bhealach tábhachtach le haghaidh ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Aontais. Is cur chuige seanbhunaithe é atá bunaithe ar rialacha maidir le réiteach díospóidí lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht do thrádálaithe, do ghnólachtaí agus do rialtais.

In 2020, chun aghaidh a thabhairt ar phairilis Bhuanachomhlacht Achomhairc EDT, chuir an tAontas agus Comhaltaí eile EDT **an Comhaontú Ilpháirtí maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc** (CIEEA) i bhfeidhm. Áirithítear le CIEEA gur féidir rialacha EDT a fhorfheidhmiú trí bhreithniú in EDT agus nach féidir iad ‘a achomharc isteach san fholús’. Tar éis roinnt aontachas in 2025 agus ag tús 2026 roimh an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT, cumhdaíonn CIEEA²⁸ 61 chomhalta de 166 chomhalta EDT anois (Ballstáit an Aontais san áireamh), arb ionann iad agus 60 % den trádáil dhomhanda.

I mí Eanáir 2025, sheol an tAontas **díospóid EDT in aghaidh na Síne** maidir le téarmaí ceadúnúcháin domhanda le haghaidh bunphaitinní caighdeáin (DS632). Tá imeachtaí an phainéil ar siúl faoi láthair.

I mí Iúil 2025, sheol an tAontas imeachtaí eadrána faoin gComhaontú Comhlachais idir **an tAontas agus an Ailgéir** i ndáil le srianta trádála agus infheistíochta na hAilgéire.

Tugadh na díospóidí seo a leanas i gcrích in 2025, rud a d’fhág gur **baineadh bacainní trádála** i dtíortha comhpháirtíochta.

- I mí Iúil 2025, in DS611 (An tSín- Forfheidhmiú na gCeart Maoine Idirnáisiúnta), chinn Eadránaí Achomhairc EDT gur sháraigh beartas neamhscríofa na Síne maidir le hurghaire i gcoinne agra an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS). **D’fhógair an tSín ina dhiaidh sin gur tharraing sí siar an beartas sin.** I bhfianaise chineál neamhscríofa bheartas na Síne maidir le hurghaire i gcoinne agra, leanfaidh an Coimisiún Eorpach de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid. Leis an gcinneadh eadrána, tagann borradh faoi chosaint chearta maoine intleachtúla na hEorpa go hidirnáisiúnta trína áirithiú go gcomhlíonann príomh-chomhpháirtithe trádála, amhail an tSín, na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú TRIPS. Cosnaíonn sé cosaint chearta nuálaithe na hEorpa i bpríomhtheicneolaíochtaí, amhail 5G agus teicneolaíochtaí gan sreang, ar sócmhainní móra iad do gheilleagar an Aontais.
- I mí Dheireadh Fómhair 2025, in DS591 (An Cholóim – Dleachtanna Frithdhumpála ar Sceallóga Reoite ón mBeilg, ón nGearmáin agus ón Ísiltír), bhuaigh an tAontas imeachtaí comhlíontachta sa díospóid sin. Mar thoradh air sin, **d’aisghair an Cholóim na dleachtanna a bhí ar neamhréir le EDT** i mí an Mhárta 2026.

I mí na Samhna 2025, **chuir an tAontas deireadh le díospóid DS610** (an tSín – Bearta a bhaineann le Trádáil Earraí), ós rud é gur comhlíonadh na príomhchuspóirí is bonn leis an díospóid agus gur **cuireadh tús arís leis an trádáil ábhartha**.

²⁸ Is féidir teacht ar liosta comhaltaí anseo: [Comhshocrú maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc \(CIEEA\)](#).

I mí na Nollag 2025, fuair **an tAontas**, tar éis eadráin ar leibhéal na bhfrithbheart, **údarú ó EDT frithbhearta a ghlacadh** i ndíospóid DS577 (SAM – Ológa aibí) a bhaineann le bearta na Stát Aontaithe maidir le hológa aibí ón Spáinn.